2026/2047

15.9.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2047 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Meán Fómhair 2026

lena gcuirtear síneadh ama le faireachas cúlghabhálach Aontais ar allmhairí eatánóil in-athnuaite le haghaidh breosla

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/478 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ([1]), agus go háirithe Airteagal 10 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe ([2]), agus go háirithe Airteagal 7 de,

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste um Choimircí agus Rialacha Comhchoiteanna le haghaidh Onnmhairí,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De réir Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2015/478, féadfar faireachas an Aontais a thabhairt isteach i gcás inar baol go ndéanfaidh an treocht in allmhairí táirge díobháil do tháirgeoirí an Aontais agus nuair is gá sin chun leas an Aontais. Ceadaítear le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2015/755 faireachas a thabhairt isteach i gcás ina n-éilítear amhlaidh ar mhaithe le leasanna an Aontais. Maidir le faireachas cúlghabhálach, lena gceanglaítear ar gach Ballstát sonraí allmhairithe a tharchur chuig an gCoimisiún Eorpach go gairid tar éis an allmhairithe iarbhír, féadfar é a thabhairt isteach faoin dá Rialachán, de bhun Airteagal 10(1)(a) agus Airteagal 7(1)(a) faoi seach.

(2) Meabhraítear gur tugadh faireachas cúlghabhálach ar allmhairí eatánóil in-athnuaite le haghaidh breosla ('bitheatánól') isteach ar dtús i mí na Samhna 2020 le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1628 ón gCoimisiún ([3]). Leis an Rialachán, tugadh isteach cóid TARIC áirithe ar feadh tréimhse bliana.

(3) Chuaigh Rialachán (AE) 2020/1628 in éag an 4 Samhain 2021 agus dá bhrí sin rinneadh na cóid TARIC a dhíghníomhachtú sa chóras custaim. Ina dhiaidh sin, tugadh faireachas cúlghabhálach an Aontais ar allmhairí bitheatánóil isteach arís ar feadh tréimhse 3 bliana le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1777 ón gCoimisiún ([4]).

(4) Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún, tháinig méadú suntasach ar allmhairí eatánóil in-athnuaite le haghaidh breosla le blianta beaga anuas, agus ó tugadh isteach an rialachán roimhe seo, tá méadú suntasach tagtha orthu.

(5) Lean méideanna allmhairí bitheatánóil le haghaidh breosla de gach tionscnamh de bheith ag méadú ó 621 954 thona in 2023 go 967 354 thona in 2025, arb ionann é agus méadú 55 %. Is iad na Stáit Aontaithe an tír onnmhairiúcháin is mó, as a dtáinig 44 % d'iomlán na n-allmhairí bitheatánóil in 2025, agus ina dhiaidh sin Ceanada, an Úcráin agus an Ríocht Aontaithe.

(6) Le linn na tréimhse céanna, tháinig méadú ó 25 000 thona in 2023 go 46 000 thona in 2025 ar onnmhairí na Brasaíle chuig an Aontas. Mar sin féin, tá an méid sin fós sách teoranta i gcomparáid le honnmhairí na Stát Aontaithe, a mhéadaigh ó 114 000 tona in 2023 go 423 000 tona in 2025.

([1]) IO L 83, 27.3.2015, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/478/oj.
([2]) IO L 123, 19.5.2015, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/755/oj.
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1628 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2020 lena dtugtar isteach faireachas cúlghabhálach Aontais ar allmhairí eatánóil in-athnuaite le haghaidh breosla (IO L 366, 4.11.2020, lch. 12), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1628/oj).
([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1777 ón gCoimisiún an 14 Meán Fómhair 2023 faireachas cúlghabhálach an Aontais a thabhairt isteach ar allmhairí eatánóil in-athnuaite le haghaidh breosla (IO L 228, 15.9.2023, lch. 247), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1777/oj).

(7) Tá margadh an Aontais tarraingteach mar gheall ar a phraghsanna arda agus a éileamh méadaitheach, rudaí a leanann ar aghaidh mar gheall ar an gcreat rialála, arb iad Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) agus Treoir (AE) 2023/2413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) cnámh droma an chreata sin.

(8) Lean an praghas allmhairiúcháin de bheith ag laghdú, agus tháinig laghdú ar mheánphraghas allmhairiúcháin ó EUR 1 014/tona in 2023 go EUR 816/tona in 2025, laghdú 19 %. Is é is cúis leis an laghdú sin den chuid is mó an laghdú mór ar phraghas allmhairiúcháin na Stát Aontaithe, ar tháinig laghdú 19 % air freisin idir 2024 agus 2025 (ó EUR 932/tona go EUR 752/tona), praghas a d'fhan thart ar 16 % faoi bhun phraghas díola an Aontais.

(9) Ina theannta sin, measann ePURE, a dhéanann ionadaíocht do thionscal eatánóil na hEorpa, go bhfuil acmhainneachtaí breise móra ag tíortha móra onnmhairiúcháin, amhail na Stáit Aontaithe nó an Bhrasaíl. Tá thart ar 12,5 milliún tona d'acmhainneacht bhreise ag na Stáit Aontaithe amháin, leibhéal a bhfuil níos mó ná dhá oiread thomhaltas an Aontais i gceist leis, a bhí thart ar 5 mhilliún tona in 2025. Tá thart ar 16 mhilliún tona d'acmhainneacht bhreise ag an mBrasaíl, leibhéal atá níos mó ná trí oiread níos mó ná mhéid thomhaltas an Aontais in 2025 (féach Tábla 1 chun mionsonraí a fháil).

(10) Ina theannta sin, mar a léirítear i dTábla 1 thíos, tá ró-acmhainneacht ag na Stáit Aontaithe agus ag an mBrasaíl ar féidir í a dhíriú ar aon mhargadh onnmhairiúcháin spriocdhírithe go pras. Tá tomhaltas an Aontais thart ar 4,9 milliún tona agus tá ró-acmhainneacht chomhcheangailte 28,3 milliún tona ag táirgeoirí na Stát Aontaithe agus táirgeoirí na Brasaíle a d'fhéadfadh a bheith ar fáil lena n-onnmhairiú, agus dá bhrí sin tá siad in ann freastal ar éileamh an Aontais arís agus arís eile.

Tábla 1

Acmhainneacht táirgeachta agus tomhaltas intíre sa bhliain 2025

Bliain 2025 (tonaí)	SAM	An Bhrasaíl	AE
Acmhainneacht Táirgeachta	55 534 767	44 790 055	5 319 898
Tomhaltas Intíre	43 109 806	28 808 208	4 987 906 ([7])
Ró-acmhainneacht	**12 424 961**	**15 981 847**	**331 992**

(11) Cruthaíodh brú mar gheall ar an mbearna phraghsála leanúnach agus mhéadaitheach idir bitheatánól allmhairithe agus bitheatánól a tháirgtear san Aontas, rud a d'fhág gur tháinig laghdú 21 % ar phraghsanna díola an Aontais idir 2023 agus 2025. Tharla an méadú ar allmhairí i gcomhthráth le laghdú 5 % ar an sciar den mhargadh atá ag tionscal an Aontais. Tháinig laghdú ar an sciar den mhargadh a bhí ag táirgeoirí an Aontais ó 86 % in 2023 go 81 % in 2025. Seachas tairbhe a bhaint as an méadú ar thomhaltas an Aontais, chaill tionscal an Aontais cuid dá sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú, rud a léiríonn go soiléir go ndeachaigh allmhairí isteach san Aontas isteach i margadh an Aontais chun dochair do thionscal an Aontais.

(12) Mar a léirigh tionscal an Aontais, ó bhí 2023 ann, tá formhór na dtáscairí eacnamaíocha ag dul in olcas, rud a léiríonn comharthaí díobhála a bhain do tháirgeoirí sampláilte an Aontais, go sonrach:

— Sciar den mhargadh (laghdú 6 %)

— Úsáid acmhainneachta (laghdú 1 %)

— Luach díolachán an Aontais (laghdú 18 %)

— Praghas díolachán an Aontais (laghdú 21 %)

— Brabúsacht (laghdú 22 %)

([5]) Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (athmhúnlú), (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2018/2001/oj).

([6]) Treoir (AE) 2023/2413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001, Rialachán (AE) 2018/1999 agus Treoir 98/70/CE a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle (IO L, 2023/2413, 31.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/2413/oj).

([7]) 4 498 816 tona a bhí in acmhainneacht an Aontais in 2025.

(13) Dá bhrí sin, is chun leas an Aontais é go leanfadh allmhairí bitheatánóil de bheith faoi réir fhaireachas cúlghabhálach Aontais chun faisnéis staidrimh a sholáthar, sula n-eiseofar staidreamh oifigiúil allmhairiúcháin. Le sonraí faireachais, is féidir súil níos géire a choinneáil ar aon athrú breise ar shreafaí trádála agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige. Tá gá le sonraí tapa trádála chun déileáil le leochaileacht mhargadh an Aontais d'eatánól agus chun athruithe tobanna ar an margadh domhanda a bhrath.

(14) Ós rud é gur féidir eatánól le haghaidh breosla a aicmiú i gceannteidil AC éagsúla ina bhfuil táirgí eile, cruthaíodh cóid TARIC shonracha d'fhonn a áirithiú go mbeidh faireachán leordhóthanach ann a bheidh teoranta do na táirgí ábhartha amháin. I gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1777, a rachaidh in éag i mí Mheán Fómhair 2026, áireofar i raon feidhme an fhaireachais chúlghabhálaigh na cineálacha táirgí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

(15) Chun gur féidir faireachán cuí a dhéanamh ar threochtaí allmhairiúcháin agus chun nach ndéanfar na cóid TARIC ábhartha a dhíghníomhachtú, ba cheart síneadh ama a chur le faireachas cúlghabhálach ar feadh tréimhse trí bliana,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Leanfaidh na hallmhairí eatánóil in-athnuaite le haghaidh breosla a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo de bheith faoi réir fhaireachas cúlghabhálach Aontais i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/478 agus Rialachán (AE) 2015/755.

2. Tá aicmiú na gcineálacha táirgí a chumhdaítear leis an Rialachán seo, agus é leanúnach leis an Rialachán roimhe seo, bunaithe ar TARIC. Cinnfear tionscnaimh na dtáirgí a chumhdaítear leis an Rialachán seo i gcomhréir le hAirteagal 60 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón 16 Meán Fómhair 2026, agus fanfaidh sé i bhfeidhm ar feadh 3 bliana, go dtí an 15 Meán Fómhair 2029.

Beidh sé ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([8]) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais, (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj).

IARSCRÍBHINN

Liosta na dtáirgí atá faoi réir fhaireachas cúlghabhálach Aontais

Is eatánól in-athnuaite le haghaidh breosla é an táirge lena mbaineann atá faoi réir faireachas cúlghabhálach, i.e. alcól eitile a tháirgtear ó tháirgí talmhaíochta (mar a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh), dínádúraithe nó gan dínádúrú, seachas táirgí ar mó ná 0,3 % (m/m) an cion uisce iontu arna thomhas de réir chaighdeán EN 15376, ach lena n-áirítear alcól eitile a tháirgtear ó tháirgí talmhaíochta (mar a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh) atá i gcumaisc le gásailín ar mó ná 10 % (v/v) an cion alcóil eitile atá beartaithe le haghaidh úsáidí breosla. Cumhdaítear freisin leis an táirge lena mbaineann alcól eitile a tháirgtear ó tháirgí talmhaíochta (mar atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh) atá in éitear búitileach treasach eitileach (ETBE).

Tá raon feidhme an táirge teoranta go heisiach d'eatánól in-athnuaite a úsáidtear le haghaidh feidhmeanna breosla. Dá bhrí sin, ní chumhdaítear eatánól sintéiseach agus eatánól in-athnuaite atá beartaithe d'fheidhmeanna seachas breosla, i.e. úsáid thionsclaíoch agus dí.

Tagann an táirge lena mbaineann faoi na cóid AC agus TARIC seo a leanas faoi láthair:

Cóid AC	Síntí cód TARIC
ex 2207 10 00	11
ex 2207 20 00	11
ex 2208 90 99	11
ex 2710 12 21	20
ex 2710 12 25	10
ex 2710 12 31	10
ex 2710 12 41	10
ex 2710 12 45	10
ex 2710 12 49	10
ex 2710 12 50	10
ex 2710 12 70	10
ex 2710 12 90	10
ex 2909 19 10	10
ex 3814 00 10	10
ex 3814 00 90	70
ex 3820 00 00	10
ex 3824 99 92	66